

Is cumhain liom an lá a-né

[McKenna, L.: *Aithdiogluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 47]

Tadhg Óg Ó hUiginn cct.

1 As cumhain liom an lá a-né  
an lá nocha liom do bhí;  
lá dom láibh mar an lá a-né  
go dtáir mo ré trá ná tí.

2 Gan teagh n-óil gan adhbhaidh chiuil  
ar ar n-óidh is amhlaidh bhím;  
truagh [nachar é] an lása an Luain  
re mbuain ar ngrása, a Dhé, dhínn.

3 Tearc a-né do labhair liom  
an chabhair gémadh hé a ham;  
fuaras olc nach sloinnfe sinn  
olc linn gan an oidhche ann.

4 Gidh doirbh dhamh an dul ní nár  
mo mhoirn ar n-a car ar gcúl;  
fuaras ga ól fháilte ríogh  
fíon a hór do dáihte dhún.

5 Gur bhean an cás a-réir riom  
do bás dom réir gun dá rann,  
seise dá gach aoinfhear ionn,  
liom treise Gaoidheal is Gall.

6 Ní ar moladh ní dleasda dúnn  
feasda ná ar omhan na n-aor;  
doilghe m'uaisle do dhol díom,  
bíodh a crodh uaimse ag gach aon.

7 D'anáir oirne is eadh do bhí  
fear re fagháil moirne mé;  
ní roibhe glóir budh gar dhí,  
do mhar sí go nóin a-né.

8 An t-adhbhar do b'fhatha dhúnn  
ní racha gan adhnadh uam;  
nocha bean riom gan a rádh  
gidh eadh is nár liom a luadh.

9 Téarná uaim nach fuil a fios  
m'uaill do chuir an t-éanlá as;

mo sgéala a-né is cian do-clos  
mé a-nos mar budh giall i nglas. As.

10 Fionnghuala ga bhfuil ar ndíon  
i ndiaidh m'fheirge is eadh a-tá  
ua na mBrian a Tulaigh Thé  
is cian bhus cumhain an lá. As.

11 Éamann a Búrc biad 'n-a fhail  
m'inmhe a-rís go raibh ar fás;  
a threise gá lá nach liom?  
a-tá meise i ngioll re ghrás. As.

12 I ndiaidh Uilleag tar éis Thaidhg  
toirse ar m'inntinn is eadh bhias,  
annsa na bhfearsain ar fás,  
easbhaidh go bás damhsa an dias. As.

13 Ceilfead an té thug an lá,  
go Luan an Bhráith biaidh 'n-a ghlais;  
is é a mheath dá sloinneadh sinn,  
[ná] boingeadh neach inn ná as. As.

14 Ris as cóir éagcaoine m'uile  
Iarla Mumhan as mhín cneas;  
do dhul a-mach bím a-bhos,  
ar mbrath a-nos is tír theas. As.